Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2025
(OR. en)

12780/25
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0274(NLE)**

UK 159
TRANS 381

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Samhain 2025 |
| chuig: | Ms Thérèse BLANCHET, Secretary-General of the Council of the European Union |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12780/1/25 ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 483 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis na cláir leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 483 final/2

ÍOSGHRÁDAITHE AN 7.11.2025.

---

Faoi iamh: COM(2025) 483 final/2 ÍOSGHRÁDAITHE AN 7.11.2025

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2025
COM(2025) 483 final/2
DOWNGRADED ON 7.11.2025

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis na cláir leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin**

**Cinneadh Uimh. [*cuir isteach uimhir an Chinnidh seo — le deimhniú* 2/2025] ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

**an …**

**maidir leis an gclár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis atá sna cláir sin a mhalartú**

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM IOMPAR DE BHÓTHAR,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’), agus go háirithe Airteagal 468(5) agus Airteagail 13(2) agus 14(5) de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 463(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair nach mór d’oibreoirí tarlaithe de bhóthar a dhéanann turais dá dtagraítear in Airteagal 462 den Chomhaontú sin ceadúnas bailí a bheith acu i gcomhréir le hAirteagal 463(2) den Chomhaontú sin. Foráiltear le pointe (b) d’Airteagal 3 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú sin nach mór dea-cháil a bheith ar oibreoir tarlaithe de bhóthar, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú sin.

(2) Le hAirteagal 6 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, leagtar síos coinníollacha mionsonraithe a bhaineann leis an gceanglas maidir le dea-cháil le haghaidh oibreoir tarlaithe de bhóthar. Go háirithe, leagtar síos i míreanna 2 agus 3 na coinníollacha faoina bhféadfadh na húdaráis inniúla sa Pháirtí bunaíochta nós imeachta riaracháin a thionscnamh mar thoradh ar sháruithe arna dtabhú ag oibreoir, agus d’fhéadfaí dea-cháil a chailleadh dá mbarr. Leagtar síos freisin i bhFoscríbhinn 31-A-1-1 liosta de na seacht sárú is tromchúisí nach mór don údarás inniúil sa Pháirtí bunaíochta nós imeachta riaracháin a thionscnamh ina leith. Le Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[2], cuireadh i gcrích liosta na sáruithe tromchúiseacha a bhféadfaí dea-cháil a chailleadh dá mbarr.

(3) Foráiltear freisin le hAirteagail 13 agus 14 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go mbunóidh na Páirtithe cláir

[1] IOAE L 149, 30.4.2021, lch. 10.

[2] Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an [dáta] maidir le catagóirí, cineálacha agus leibhéil tromchúise sáruithe tromchúiseacha a bhféadfadh an t-oibreoir iompair de bhóthar dea-chlú a chailleadh dá mbarr, IOAE....

leictreonacha náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar a údaraíodh chun gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar, chomh maith le seiceálacha aonair a dhéanamh ar ghnóthais agus faisnéis a mhalartú faoi sháruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag oibreoirí sa Pháirtí eile. Tá na sonraí atá le bheith sa chlár leictreonach náisiúnta, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú, le leagan síos le cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

(4) Tá an Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) curtha ar bun ag an Aontas chun malartuithe faisnéise idir Ballstáit an Aontais a éascú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún[3]. Ós rud é gur chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na bunphrionsabail chéanna maidir le rochtain ar ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar agus ar liosta coiteann sáruithe, is iomchuí agus is éifeachtúil, chun cuspóirí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a bhaint amach, foráil a dhéanamh maidir le nasc teicniúil na Ríochta Aontaithe le ERRU.

(5) Ghlac an Ríocht Aontaithe páirt i gcostais forbartha ERRU mar Bhallstát den Aontas. Ba cheart don Ríocht Aontaithe ranníocaíocht a dhéanamh go bliantúil le costais oibríochtúla agus chothabhála ERRU.

(6) Chun go mbeidh an dá Pháirtí in ann a mbonneagar faisnéise agus teicneolaíochta a fhorbairt chun gur féidir an Cinneadh seo a chur chun feidhme, is iomchuí dáta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo a leagan síos. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2026.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cuspóir**

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na sonraí íosta atá le bheith i gclár leictreonach náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar agus na coinníollacha maidir le malartú faisnéise na sonraí sin idir na Páirtithe.

*Airteagal 2*

**Sonraí atá i gcláir leictreonacha náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar agus coinníollacha rochtana ar na sonraí sin**

1. Beidh na sonraí seo a leanas ar a laghad sna cláir leictreonacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair:

   (a) Ainm agus foirm dhlíthiúil an ghnóthais iompair de bhóthar;

   (b) Seoladh a bhunaíochta;

   (c) Ainmneacha na mbainisteoirí iompair a ainmneofar mar bhainisteoirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3 de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le dea-cháil agus inniúlacht ghairmiúil nó, de réir mar is iomchuí, ainm ionadaí dhlíthiúil;

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2016 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le hidirnascadh clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1213/2010, IO L 087, 2.4.2016, lch. 4.

(d) An cineál údaraithe, líon na bhfeithiclí a chumhdaítear leis agus, i gcás inarb iomchuí, sraithuimhir an cheadúnais dá dtagraítear in Airteagal 463(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus na gcóipeanna deimhnithe;

(e) Líon, catagóir agus cineál na sáruithe tromchúiseacha, dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann le TCA, ar tháinig ciontú nó pionós dá dtoradh le 2 bhliain anuas;

(f) Ainm aon duine a dhearbhaítear a bheith mí-oiriúnach chun gníomhaíochtaí iompair gnóthais a bhainistiú, fad nach mbeidh dea-cháil an duine sin athbhunaithe de bhun Airteagal 6(4) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus na bearta athshlánúcháin is infheidhme;

(g) Cláruimhreacha na bhfeithiclí atá ar fáil do na gnóthais de bhun Airteagal 5(f) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair;

(h) banda rátála riosca an ghnóthais de bhun an dlí agus/nó na nósanna imeachta is infheidhme i ngach Páirtí.

2. Beidh rochtain ag an bpobal ar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den chéad mhír, i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta is infheidhme i ngach Páirtí.

Féadfaidh na húdaráis inniúla i ngach Páirtí a roghnú na sonraí dá dtagraítear i bpointí (e) go (h) den chéad mhír a choinneáil i gcláir ar leithligh. I gcásanna den sórt sin, cuirfear ar fáil na sonraí dá dtagraítear i bpointí (e) agus (f) arna n-iarraidh sin nó beidh siad inrochtana go díreach ag údaráis inniúla uile an Pháirtí a bheidh i gceist. Cuirfear an fhaisnéis a iarrfar ar fáil laistigh de 5 lá oibre ón iarraidh a fháil.

Cuirfear na sonraí dá dtagraítear i bpointe (g) agus i bpointe (h) den chéad mhír ar fáil do na húdaráis inniúla le linn seiceálacha cois bóthair.

Ní bheidh rochtain ag údaráis seachas na húdaráis inniúla ar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (e) go (h) den chéad mhír ach i gcás ina mbeidh cumhachtaí bronnta go cuí ar na húdaráis sin a bhaineann le maoirseacht agus le forchur pionós in earnáil an iompair de bhóthar agus má tá a gcuid feidhmeannach faoi mhionn rúndachta nó faoi oibleagáid fhoirmiúil rúndachta.

3. Sonraí i ndáil le gnóthas a bhfuil a údarú curtha ar fionraí nó a bhfuil a údarú tarraingthe siar, fanfaidh siad ar an gclár leictreonach náisiúnta ar feadh dhá bhliain ón lá a ndeachaigh an fionraí as feidhm nó ón lá ar tarraingíodh siar an ceadúnas, agus bainfear den chlár iad láithreach ina dhiaidh sin.

Sonraí a bhaineann le haon duine a dhearbhaítear a bheith mí-oiriúnach do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar, fanfaidh siad sa chlár leictreonach náisiúnta fad nach mbeidh dea-cháil an duine sin athbhunaithe de bhun Airteagal 6(4) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. I gcás ina ndéanfar beart athshlánúcháin den sórt sin nó aon bheart eile a mbeidh éifeacht choibhéiseach aige, bainfear na sonraí den chlár láithreach.

Sonrófar sna sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír na cúiseanna is bun leis na húdaruithe nó leis an dearbhú mí-oiriúnachta a fhionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, agus an ré a fhreagraíonn do gach ceann acu.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gcoimeádfar na sonraí go léir sa chlár náisiúnta leictreonach cothrom le dáta agus cruinn.

*Airteagal 3*

**Ceanglais íosta maidir leis na sonraí atá le hiontráil i gclár leictreonach náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar.**

*1.* Na híoscheanglais maidir leis na sonraí atá le hiontráil sna cláir leictreonacha náisiúnta arna mbunú ag údaráis inniúla i ngach Páirtí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, beidh siad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún[4] agus in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2164 ón gCoimisiún[5], arna oiriúnú leis na míreanna seo a leanas.

2. Chun críoch an Chinnidh seo, tá feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/992/AE:

(a) Cuirtear 'Tír' in ionad na tagartha do 'Ballstát'[6].

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dtagairtí do 'cheadúnas Comhphobail', gach áit a bhfuil siad, 'ceadúnas dá dtagraítear in Airteagal 463(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile'.

(c) I gcás na Ríochta Aontaithe, ní gá na réimsí seo a leanas: 'An líon daoine atá fostaithe', agus 'Riosca-rátáil'.

(d) Cuirtear isteach 'pointe (c) d'Airteagal 1(1) de Chinneadh Uimh. [2/2025] ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile' in ionad 'Airteagal 16(2), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009'.

3. Chun críoch an Chinnidh seo, socrófar an mhír sonraí 'Tír Chlárúcháin na Feithicle' dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2164 ón gCoimisiún, i gcás na Ríochta Aontaithe, go 'RA' mar réamhshocrú.

*Airteagal 4*

**Na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 14(3) agus (4) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair**

---

4 Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2009 maidir le híoscheanglais i ndáil leis na sonraí atá le hiontráil i gclár leictreonach náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2009) 9959), IO L 339 22.12.2009, lch. 36, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/773 ón gCoimisiún, IO L, 2024/773, 6.3.2024.

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2164 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2024 maidir le híoscheanglais a bhaineann le sonraí feithiclí fruilithe atá le cur isteach sna cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 4665), IO L, 2024/2164, 20.8.2024.

6 Tagraíonn tír do Bhallstát den Aontas Eorpach i gcás an Aontais Eorpaigh, agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i gcás Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

**1.** Úsáidfidh an Ríocht Aontaithe agus Ballstáit an Aontais an Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/480[7], chun faisnéis a mhalartú dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 14 de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

2. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe a clár leictreonach náisiúnta a idirnascadh le ERRU i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais theicniúla a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/480 arna oiriúnú le hAirteagal 5 den Chinneadh seo.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs an Chinnidh seo chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh Theideal I de Cheannteideal a Trí agus Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus chun na críche sin amháin.

4. Ainmneoidh an Ríocht Aontaithe agus gach Ballstát den Aontas pointe teagmhála ERRU a bheidh freagrach as malartú faisnéise an Pháirtí eile maidir le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

*Airteagal 5*

**Oiriúnuithe ar shonraíochtaí teicniúla ERRU**

Chun críoch an Chinnidh seo, tá feidhm ag na hoiriúnuithe seo a leanas ar Rialachán (AE) 2016/480:

1. Tagairtí do 'Ballstát', gach áit a bhfuil siad, tuigfear gur tagairtí do 'Tír[8]' iad agus tuigfear gur tagairtí do 'Tíortha[9]' iad tagairtí do 'Ballstáit', gach áit a bhfuil siad.

2. Tagairtí don 'Rialachán seo', 'Iarscríbhinní I go VII a ghabhann leis an Rialachán seo' agus 'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo', gach áit a bhfuil siad, tuigfear iad mar thagairtí do 'Chinneadh Uimh. [2/2025] ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile'.

3. Tagairtí do 'cheadúnas Comhphobail', gach áit a bhfuil siad, tuigfear iad mar thagairtí do 'cheadúnas dá dtagraítear in Airteagal 463(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile'.

4. In Airteagail 1 go 3, cuirtear isteach 'Cinneadh Uimh. [2/2025] ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile' in ionad

---

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2016 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna a bhaineann le hidirnascadh na gclár leictreonach náisiúnta ar ghnóthais iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1213/2010, IO L 087, 2.4.2016, lch. 4, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2381 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna a bhaineann le hidirnascadh na gclár leictreonach náisiúnta ar ghnóthais iompair de bhóthar, IO L, 2023/2381, 5.10.2023.

[8] Tagraíonn tír do Bhallstát den Aontas Eorpach nó do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

[9] Tagraíonn tíortha do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann araon.

‘Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’ agus ‘Airteagal 16(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’.

5. In Airteagal 2, cuirtear isteach ‘Airteagal 2 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile’ in ionad ‘Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’.

6. I bpointe (e) d’Airteagal 2 cuirtear isteach ‘Airteagal 465(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile’ in ionad ‘Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’.

7. Ní bheidh Airteagail 6 agus 7 infheidhme chun críoch an Chinnidh seo.

8. I bpointe 1.3, d’Iarscríbhinn II—

   (a) Cuirtear ‘banda rátála riosca’ in ionad ‘rátáil riosca agus banda rátála riosca’.

   (b) Bainfear an tagairt do ‘an líon fostaithe’.

9. San Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn III—

   (a) Ní bheidh na réimsí seo a leanas i dteachtaireacht maidir le Freagairt ar Iarraidh ar Shonraí Gnóthais Iompair a Sheiceáil: ‘An Líon Daoine atá Fostaithe’, ‘Rátáil Riosca’.

   (b) Le haghaidh ‘Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/403 ón gCoimisiún’ cuir isteach ‘Foscríbhinn 31-A-1-1 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile’.

10. I Roinn 1 d’Iarscríbhinn VIII, cuirtear isteach ‘Airteagal 12(2) de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile’ in ionad ‘Airteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’.

11. I Roinn 2.1 d’Iarscríbhinn VIII, le haghaidh ‘Treoir 2006/22/CE nó i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009’ cuir isteach ‘Foscríbhinn 31-A-1-1 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile’.

*Airteagal 6*

**Méid agus módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe**

Ranníocfaidh an Ríocht Aontaithe go bliantúil le costais oibríochtúla agus chothabhála ERRU sa chreat a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 3/2025 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

*Airteagal 7*

**Nasc na Ríochta Aontaithe le ERRU a chur ar fionraí**

Féadfaidh an tAontas rochtain na Ríochta Aontaithe ar ERRU a chur ar fionraí má scoireann an Ríocht Aontaithe de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 go 6 den Chinneadh seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

*Thar Ceann an Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar*
*Na Comhchathaoirligh*